North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANGA 1 (12) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ DEN FHORAS TEANGA THUAIDH THEAS

# INIS CEITHLEANN

# 14 FEABHRA 2012

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an ceathrú cruinniú déag d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Inis Ceithleann ar an 14 Feabhra 2012. Bhí Carál Ní Chuilín, MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, TD, Aire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as Gnóthaí Gaeltachta agus Jonathan Bell, MLA, Aire Sóisearach in OCALCA, i láthair ag an gcruinniú. Bhí an tAire Stáit Mac Fhionnlaoich ina chathaoirleach ar an gcruinniú.

2. Rinneadh plé ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) agus Foras na Gaeilge.

## TUARASCÁIL AN FHORAIS TEANGA THUAIDH THEAS AR DHUL CHUN CINN

3. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ó Fhoras na Gaeilge agus ó Ghníomhaireacht na hUltaise ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le hobair chomhoibríoch agus gníomhaíochtaí eile de chuid an dá ghníomhaireacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- oiliúint agus ionduchtú do chomhaltaí nua Boird agus pleananna do chruinnithe Boird an Fhorais Teanga;

- forbairt clár oibre do shárthaispeántais chultúrtha do 2012, lena n-áirítear rannpháirtíocht i sealaíocht an tóirse Oilimpigh;

- ag roinnt saineolais agus acmhainní i ndáil le réimse saincheisteanna corparáideacha agus acmhainní daonna, athbhreithniú ar an Scéim Chomhionannais don Fhoras Teanga agus conarthaí comhaontaithe fostaíochta;

- bunaíodh córas scrúdaithe Fhoras na Gaeilge d'eagarthóirí Gaeilge agus bronnadh teastais chreidiúnaithe ar an gcéad chohórt d'ochtar eagarthóirí i mí na Samhna 2011;

- bhronn Foras na Gaeilge conradh trí bliana chun sainchúrsaí Gaeilge a chur ar fáil don earnáil phoiblí don tréimhse 2011-2014;

- bhain os cionn 8,000 rannpháirtí tairbhe as teagasc ceoil agus damhsa le linn 2011 ó theagascóirí cuairte faoi scéim atá á soláthar ag Gníomhaireacht na hUltaise; agus

- cuireadh athbhreithnithe ar Scéimeanna Chúnamh Airgeadais agus Oibrithe Pobail de chuid Ghníomhaireacht na hUltaise i gcrích in 2011.

**PLEANANNA AGUS BUISÉID CHORPARÁIDEACHA AGUS GHNÓ**

4. Cheadaigh an Chomhairle Plean Corparáideach an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas 2011 - 2013 agus Plean Gnó agus Buiséad 2011 agus nótáladh an dul chun cinn ar fhorbairt Phlean Ghnó agus Bhuiséad 2012.

**CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA**

5. Nótáil an CATT go bhfuil Tuarascáil Bhliantúil agus Dréacht-Chuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2008 á gcur le chéile le cur faoi bhráid na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste agus na CATT le súil agus iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus an Chomhthionóil in Earrach 2012.

6. Nótáil na hAirí freisin go bhfuil próiseas athbhreithnithe tugtha isteach chun comhdhlúthú na gcuntas a shimpliú agus a thapú agus go bhfuil obair idir lámha le súil agus na Cuntais do 2009 agus do 2010 a chur faoi bhráid le linn 2012.

**GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE - AG FORBAIRT TÁSCAIRÍ CÁILÍOCHTA I gCLÁIR OIBRE**

7. Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag Gníomhaireacht na hUltaise i bhforbairt agus i dtabhairt isteach Táscairí Cáilíochta dá Chlár Teagaisc. Tá na Táscairí Cáilíochta curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht ar fud réimse clár oibre a léiríonn torthaí mórluacha agus méadú ar luach ar airgead. Nótáil na hAirí freisin go bhfuil na Táscairí Cáilíochta ag tacú leis an tionscnamh Creidiúnú do Scoileanna.

**FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR BHUNMHAOINIÚ**

8. Nótáil na hAirí an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag Foras na Gaeilge i dtaca le forbairt samhail nua iomaíoch mhaoinithe a bhfuil sé mar aidhm léi tairbhí suntasacha a bhaint amach maidir le luach ar airgead agus seachadadh éifeachtach dhualgais reachtúla Fhoras na Gaeilge. D'aontaigh an Chomhairle, sa chomhthéacs go leanfaí le dul chun cinn sásúil a bhaint amach, go bhféadfaidh Foras na Gaeilge leanúint le maoiniú eatramhach a chur ar fáil do na comhlachtaí bunmhaoinithe reatha suas go dtí an 30 Meitheamh 2013. Cuirfear tuarascáil eile ar dhul chun cinn faoi bhráid an chéad chruinnithe eile CATT de chuid an Fhorais Teanga.

**FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR ÁIS**

9. Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn go dtí seo i ndáil leis na moltaí ón athbhreithniú ar Áis (seirbhís dáileacháin leabhar Fhoras na Gaeilge) agus comhaontú plean feidhmiúcháin mionsonraithe leis na Ranna Coimirce.

**FORAS NA GAEILGE – DÍLÁRÚ**

10. Nótáil na hAirí fógra Rialtas na hÉireann, ina phlean d'athchóiriú na seirbhíse poiblí a foilsíodh ar an 17 Samhain 2011, cealú an chláir dhíláraithe, de bharr na ndeacrachtaí reatha eacnamaíochta, agus cealú roinnt tionscadal, cuid acu fágtha mar atá agus athbhreithniú á dhéanamh ar chuid eile acu. Agus í ag cur san áireamh cur chuige Rialtas na hÉireann don chlár díláraithe ina plean d'athchóiriú na seirbhíse poiblí, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar Fhoras na Gaeilge, chuir an Chomhairle dualgas ar oifigigh na Ranna Coimirce breithniú a dhéanamh, i gcomhairle le Foras na Gaeilge, ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus tuairisc a thabhairt air sin amach anseo ag cruinniú CATT i bhformáid rannach teanga.

**ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN**

11. Rinne an Chomhairle breithniú ar roinnt moltaí a bhaineann go sonrach leis an bhForas Teanga agus aontaíodh na moltaí seo a leanas a chur ar aghaidh i gcomhair a bhformhuinithe ag Cruinniú Iomlánach na CATT i mí an Mheithimh 2012:

- nach gá aon ghníomh breise maidir le rannpháirtíocht idir Bhoird an Fhorais Teanga, roinnt seirbhísí agus comhdhlúthú na gcuntas ó tharla

go bhfuil obair idir lámha cheana féin chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo;

- nach gá aon ghníomh breise maidir le sainchúram Ghníomhaireacht na hUltaise obair a bhaineann le cur chun cinn teanga agus cultúr na hUltaise taobh amuigh d'oileán na hÉireann a thabhairt chun cinn, ó tharla go léiríonn comhairle dlí nach bhfuil aon deacracht leis seo ag an reachtaíocht reatha;

- go leanfaidh na Ranna Coimirce le tacaíocht a thabhairt do Ghníomhaireacht na hUltaise chun luach ar airgead a bhaint amach laistigh de na srianta reatha buiséid; agus

- nach gá aon ghníomh faoi láthair maidir le méadú ar chomhaltas Boird de chuid Ghníomhaireacht na hUltaise ach go gcoinneofar an tsaincheist seo faoi athbhreithniú, ach na himpleachtaí reachtaíochta agus airgeadais a bheith curtha san áireamh.

**DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE**

12. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga i samhradh 2012.

**An Chomhrúnaíocht**
**14 Feabhra 2012**